

RÍ NA gCAT

Dhá oidhre dúthaighe a bhí ann. Chuadar ag imirt chárdaí le chéile agus bhuach fear aca chuile bhlas dá raibh d'ór agus d'airgead agus de mhaoín ag an bhfear eile. Nuair a bhí an t-ór agus an t-airgead 's an mhaoín caillte ag an bhfear seo d'imir sé a chuid talmhan agus chaill sé é. Annsin d'imir sé na tighthe a bhí ar an talamh agus chaill sé iad. D'imir sé a chulaidh éadagh agus chaill sé é.

"Níl aon bhlas agam anois" adeir sé, "a n-imreochainn leat mar a n-imridhidh mé na súile leat. D'imir sé na súile agus bhuach an fear eile iad.

"Tabhair do bhreith anois" adeir an fear a chaill.

"Níl aon bhreith le tabhairt agam" adeir sé, "ach na súile a bhaint asat."

Bhain sé an súile as a cheann agus chaith sé é féin taobh istigh de sgonsa roilige.

D'fhan sé annsin ag útamáil agus chuaidh i ndiaidh a chinn isteach i sean-bhairille a bhí ag bun a' sgonsa ag iarraidh an oidhche a chur thairis. Uair a' mheadhon oidhche tháinig trí chat ar bharr a' sgonsa.

"Innis sgéal, a Shadhbh" adeir cat aca.

"Níl aon sgéal agam" adeir Sadhbh.

"Innis sgéal a Mhéadbh."

"Níl aon sgéal agam" adeir Méadbh."

"Innis sgéal a Rí na gCat."

Dubhairt Rí na gCat go raibh inghean duine uasal le bás a fhághail de bharr trí cinn de chuit óg a bhí ina bolg. Bhí sí a' bleaghan bó lá agus d'iarr sé féin, Rí na gCat, d'iarr sé deoch bhainne uirthe. Níor thug sí é sin dó. Nuair a fuair sé an deis mheasg sé a earball sa mbainne agus d'fhága sé trí ribe sa mbainne. D'ól inghean an duine uasal an bainne agus d'fhág sé sin na trí cait óga ina bolg. Dubhairt sí nach raibh leigheas i ndán di ach trí bhraon uisge a bhí sa tobar beannuighthe a bhí faoin tom luachra in aice na roilige.

Nuair a d'imthigh na cait chuaidh an dall amach as a' roilig agus bhí sé a' cuartú go bhfuair sé an tobar. Chuir se cuid den uisge ar a shúile féin agus bhí na súile ba bhreaghtha faoin domhan annsin aige. Thug sé leis buidéal den uisge agus chuaidh se go dtí teach an duine uasal seo a inghean tinn aice. Tháinig sé isteach gur chuir sé trí bhraon den uisge ar bhéal na hinghine gur chaith sí amach na trí cinn de chait óga thar a béal. Nuair a bhí an inghean leigheasta thug an duine uasal neart óir agus airgid don don fhear a leigheas í agus agus í féin le pósadh dá bpósfadh sé í.

D'imthigh se leis annsin agus casadh air an fear a bhuach air agus a bhain de chuile shórt dá raibh aige.

"Tá an súile aríst agat" adeir sé.

"Tá."

"Cá bhfuair tú iad?"

"San áit ar fhága tú mé."

"An imreochaidh tú aríst?"

"Imreochad" adeir sé.

Chuaradar ag imirt annsin agus an fear a chaill chuile rud dá raibh aige an chéad uair bhuach sé chuile rud ar ais arís agus a raibh d'ór agus d'airgead ag an bhfear eile. Bhuach sé an dá dhúthaigh air. Bhuach sé a chulaidh éadaigh air, agus bhuach sé an dá shúil air.

"Tabhair do bhreith anois" adeir sé.

"An bhreith chéadna a thug tusa orm" adeir an fear eile.

Bhain sé an dá shúil as a cheann agus d'fhága sé é féin taobh istigh de sgonsa na roilige. Nuair a bhí uair an mheadhoin oidhche ann tháinig na trí chat ar bharr an sgonsa os cionn an fhir.

"Innis sgéal a Shadhbh."

"Innis sgéal a Mhéadhbh."

"Innis sgéal a Rí na gCat."

"Nuair a d'innsigheamar sgéal an oidhche cheana" adeir Rí na gCat, "nach maith go raibh feithide eicint sa teampull ag éisteacht linn, go bhfuair sé braon d'uisge as an tobar beannuighthe, gur leigheas sé inghean an duine uasal a raibh na trí cait ina bolg. Má tá aon duine sa teampull anocht a innseochas orainn, ní innseochamuid an sgéal."

Chuaradar a' cuartú annsin agus fuaradar an fear gan súile ag bun an sgonsa agus stróiceadar ó chéile é.

Phós an fear eile inghean an duine uasail.

Bartla Ó Clocharta, An Aird Mhór a d'innis an 3adh lá d'Eanáir 1933. Ag Seán Ó Súilleabháin, a leas-athair, a chuala se an sgéal. Tá Seán caillte le fada. I Loch Con Uidhre a bhí sé.